Gaelscoil Thaobh na Coille

Beallairmín
An Chéim
B.Á.C. 18 Uimhir Rolla : 20020R

Guthán : 01-2950000 Facs: 01 2945902 R-phost: gaelscoil@taobhnacoille.ie Príomhoide : Emer Nic Chonchradha

26/01/2010

A Thuismitheoirí,

LABHAIR GAEILGE TIMPEALL na SCOILE: Tá an t-uafás Béarla le cloisteáil thart timpeall na scoile agus ní h-iad na daltaí atá i dtroiblóid an uair seo! A thuismitheoirí, impím oraibh bhúr gcuid Gaeilge a úsáid agus sibh thart timpeall na scoile. Más gá duit Béarla a labhairt istigh sa scoil, ach go háirithe iarraim oraibh é a dhéanamh go fíor-chiúin agus go díscréideach.

USE YOUR 'GAEILGE' IN AND AROUND THE SCHOOL: *There is an awful lot of English to be heard in and around the school at the moment and it's not the pupils who are to blame! Parents, I implore you to please, please use whatever Gaeilge you have when you are in and around the school. If you have to speak English (especially inside the school building) please do so quietly and discreetly.*

Emer Nic Chonchradha

R1 sa CHRAOBH NÁISIÚNTA i gCOMÓRTAS PÓSTAER An Sirriam Sábháilte

Comhghairdeas le páistí Rang a 1 atá tar éis craobh na hÉireann a bhaint amhach i gcomórtas Póstaer An Sirriam Sábháilte. Beidh an 5 scoil atá sa chraobh á dtógáil chuig Caisleán B.Á.C don bhronnadh oifigiúil agus as sin chuig an zú ar an Mháirt an 2 Feabhra. **Bronnfar duais €2,000 ar na buaiteoirí agus beidh duair de €500 do 4 bhuaiteoir** reigiúnacha le caitheamh ar lá iontach amuigh don rang uile! Rinne gach páiste pictiúr sa seomra ranga don chomórtas. Maith sibh Rang a 1! Ba iad seo a leanas a dhear an póstaer atá sa chraobh:

Dearadh *Design:*
Sarah Nic Eoin & Tess de Barra
Dathú *Colouring:*
Alex Ó Floinn & Aoibhe Ní Nuanáin
Scríbhneoireacht *Writing:*
Beatrice Cooke

R1 : NATIONAL FINALISTS in the Safety Sheriff POSTER COMPETITION

Congratulations to the pupils from Rang a 1 who are national finalists in the Safety Sheriff Poster Competition they entered recently. Schools from all over the country took part in this competition and they are one of 5 schools chosen to be in the final. They will be brought to Dublin Castle for the award ceremony where the winners will be announced and from there to the zoo on Tuesday the 2nd of February. The overall winners will receive ***€2,000 for the class and*** *the 4 regional winners will get a great prize of* ***€500 prize to be spent*** *on a school tour for the class. Every child drew a picture in class for the competition. Well done Rang a 1!*



ÁR SAOTHAIR EALAÍNE FÉIN

B'fhéidir gur thug cuid agaibh faoi ndeara na pictiúir álainn atá crochtadh ar an mballa laistigh de phríomh dhoirse na scoile ach muna bhfuil siad feicthe agat is fiú duit do shúil a chaitheamh isteach an doras go bhfeicfidh tú iad. Rinne Bord Bainistíochta na scoile coimisiniú ar an ealaíontóir Fidelma Massey (a dhear ár ndealbh álainn 'Cliona ag Taobh na Coille') len iad a tharraingt dúinn. Tá siad gleoite ar fad.

OUR OWN PIECES OF ART

I'm sure some of you have seen the beautiful drawings that have been hung in the hallway just inside the front doors but if you haven't it's well worth sticking your nose in for a look. The Board of Management commissioned Fidelma Massey (the artist who designed our wonderful sculpture 'Clíona at Taobh na Coille') to draw them for us and as with her sculpture they are just gorgeous.

VACSAINIÚ in aghaidh FHLIÚ na MUC
16 FEABHRA

Tá an HSE ag cur an vacsaín in aghaidh Fhliú na Muc ar fáil do pháistí Ghaelscoil Thaobh na Coille ar an Mháirt an 16 Feabhra. Buíochas leo siúd a líon an fhoirm toilleadh ar ais chun na scoile cheana féin & cuirim i gcuimhne dóibh siúd nach bhfuil sé líonta acu é sin a dhéanamh anois le bhur dtoil. Iarrann an HSE go líonfadh gach duine foirm fiú muna dteastaíonn uait go bhfaighfidh do pháiste an vacsaín nó má tá sé faighte acu cheana féin.

SWINE FLU VACINATIONS

The HSE will administer the Swine Flu Vaccine to the pupils of Gaelscoil Thaobh na Coille on Tuesday the 16th of February. Many thanks to those of you who have already returned your consent forms to the school and may I remind those of you who haven't that the HSE have asked if all forms be filled in even if you do not wish your child to receive the vaccine or if they have already had it.

RANGANNA GAEILGE

Buíochas mór le Coiste na dTuismitheoirí as na ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí a eagrú sa scoil. Thosaigh an céad rang oíche Mháirt seo chaite agus thosaigh an dara rang ag a 9am maidin inniu. Tá freastal an-mhaith ar an dá rang agus táimid ag súil go mór le Gaeilge bhreá a chloisteáil ón seomra ranga thuas staighre agus 'sna pasáistí agus na 'daltaí móra' ag teacht agus ag imeacht ón rang. Maith sibh a thuismitheoirí ta ann dea-shampla á thabhairt agaibh do bhúr bpáistí.

IRISH CLASSES

Buíochas mór le Coiste na dTuismitheoirí for organising the ranganna Gaeilge in the for the parents. The first class started last Tuesday night and the second class started this morning. There was a great interest in both classes and we look forward to hearing 'Gaeilge bhreá' from the classroom upstairs and in the corridors as our 'big pupils' come and go from their class! Maith sibh a thuismitheoirí, you are setting a great example for your children.

SCÓR na bPÁISTÍ

Comhgháirdeas leis na daltaí ar fad ó Rang 5 & Rang 6 a ghlac páirt i Scór na bPáistí i gClub CLG Nmh Olaf ag an deireadh seachtaine. 40 dalta ar fad a ghlac páirt ‘sna comórtais éagsúla idir Rince Fóirne, Amhránaíocht Aonair, Aithriseoireacht, Ceol Uirlise, Bailéad Ghrúpa & Tráth na gCeist. Bhíodar ar fad ar fheabhas agus bhí mé féin & na tuismitheoirí eile a bhí i láthair an-bhródúil go deo astu. Is iontach an rud é go raibh an oiread sin acu sásta iomaíocht ar son na scoile agus tacú lena chéile. Mar bharr ar sin thugadar 4 sciath abhaile leo. Roinn dhá fhoireann ón scoil an chéad áit sa chomórtas Rince Fóirne. Foireann ó R6 le Caidhp an Chúl Ard (Daniel Mac Eoin, Barry Mac Domhnaill, Conor Ó Flannagáin, Tristan Ó Cinnéide (R5), Sabrina Ní Fhaircheallaigh, Jordan Arnóid, Éabha de Búrca & Miriam Nic Eoin) & Foireann ó R5 leis an Corr Ceathrar (Jamie Déiseach, Tristan Ó Cinnéide, Sarah Nic Gabhann & Amy de Satún). Bhí an bua ag Barry Mac Domhnaill sa chomórtas aithriseoireachta leis an dán ‘Bhuaidh mé an Crannchur’ & bhí an bua ag Miriam Nic Eoin, Éabha de Búrca & Stephanie de Grá sa chomórtas Bailéad Ghrúpa. Ghnóthaigh Dara Mac Cnáimhsí, Seán de Satún & Cian de Búrca an sciath deirneach nuair a d’fhreagair siad 50 as 60 ceist i gceart sa chomórtas Tráth na gCeist.

A big congratulations to all the pupils from R5 & R6 who participated in Scór na bPáistí in St. Olafs GAA Club on Sunday. A total of 40 pupils competed in the various categories from Set Dancing, Solo singing, Recitation, Instrumental Music, Ballad Group & Table Quiz. All the pupils who participated did themselves and the school very proud. Not only did they put on a great show but they also brought back 4 trophies with them. Two groups shared first place in the dancing competition. A team from R6 who danced Caidhp an Chúl Ard (Daniel Mac Eoin, Barry Mac Domhnaill, Conor Ó Flannagáin, Tristan Ó Cinnéide (R5), Sabrina Ní Fhaircheallaigh, Jordan Arnóid, Éabha de Búrca & Miriam Nic Eoin) & a team from R5 who danced the 4 Hand Reel (Jamie Déiseach, Tristan Ó Cinnéide, Sarah Nic Gabhann & Amy de Satún). Barry Mac Domhnaill came first in the recitation competition with the poem ‘Bhuaidh mé an Crannchur’ & Miriam Nic Eoin, Éabha de Búrca & Stephanie de Grá won the ballad group competition. Dara Mac Cnáimhsí, Seán de Satún & Cian de Búrca won the last trophy of the day when they answered 50 out of 60 of the table quiz questions correctly.

Maith sibh go léir.

CCB COISTE na dTUISMITHEOIRÍ : PARENTS COMMITTEE AGM

DÉ CÉADAOIN 27 EANAIR : : WEDNESDAY 27th JANUARY

HALLA NA SCOILE: SCHOOL HALL

8PM

BIGÍ ANN

OSCAILT OIFIGIÚIL na SCOILE

Táimid ag súil le hoscailt oifigiúil na scoile a bheith againn ag tús mí Márta (an Aoine an 5ú Márta ach dáta le dearbhú fós). Beidh cuireadh á thabhairt d'aíonna speisialta, polaiteoirí, cairde na Gaelscoile, & tuismitheoirí uile na scoile ag an ócáid seo a bheidh ag siúl thart ar an mheánlae. Tá caint ar oíche ceiliúradh/shóisialta a eagrú freisin don oíche sin. Ócáid ticéadaithe a bheidh i gceist ansin, le béile, ceol & spraoi. Beidh na ticéid le cur in áirithe roimh ré. Níl tús ach á chur againn leis an bpleanáil agus ba mhór againn bhúr gcabhair a fháil agus muid ag dul i mbun a eagraithe. Ba mhaith linn grúpaí oibre a chur le chéile leis an ócáid seo a eagrú. Grúpaí a rachaidh i mbun gnéithe éagsúla den eagrúchán atá le déanamh roimh agus ar an lá. Má tá spéis agat cabhrú linn an ócáid seo a eagrú cur é sin in iúl dúinn.

OFFICIAL OPENING of SCHOOL

We are hoping to have our official school opening at the beginning of March (date to be confirmed but the 5th of March is a strong possibility). Among the guests on the day will be invited guests, local politicians, friends of the Gaelscoil and parents of the school past and present. The opening will take place in or around mid day. We are also looking into organising a social event for the same evening. We are thinking about a ticketed event which would include a meal, music and a bit of craic! (Tickets to be purchased in advance). We are just in the initial stages of planning and would greatly appreciate your help in organising this event. We would like to set up working groups who would take on the various tasks that need to be organised before and on the day. If you are interested in helping out please let us know and listen/watch out for notices about same. (More detailed information at AGM on Wednesday night)

Seo a leanas cuid de na grúpaí oibre a shamhlaimíd a bheidh ag teastáil:

Here are some of the working groups we imagine we'll need

* Liostaí Aíonna & Cuiritĺ : Guest lists & Invitations, * Fáiltiú/Féile: Hospitality/Catering, * Maisiúcháin: Decorating, * Fuaim: Mics/Sound etc., * Stáitiú: Staging, * Ócáid Shóisialta Oíche: Evening Social Event

CRUINNIÚ FÓIRNE : STAFF MEETING

DÉ CÉADAOIN 27 EANAIR : : WEDNESDAY 27th JANUARY

PÁISTÍ AG DUL ABHAILE AG **12.00PM** : CHILDREN GOING HOME AT **12.00PM**

DÍOLACHÁN ar son MHUINTIR HAITÍ

Tá díolachán cístí & earraí eile á eagrú ag daltaí R5 & R6 ar son mhuintir Haití ar an Déardaoin seo an 28 Eanair. Beidh an díolachán ar siúl i halla na scoile óna 1pm go dtí a 2.30pm. Fáilte roimh chách.

CAKE SALE in aid of THE PEOPLE of HAITI

R5 & R6 are organising a cake and jumble sale in aid of the people of Haiti on this coming Thursday the 28th of January. The sale will take place in the school hall from 1pm 'till 2.30pm.

All are welcome.